**Athbhreithniú agus meastóireacht**

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí go rialta agus beidh deis ag tuismitheoirí, múinteoirí agus daltaí moltaí éagsula a thabhairt. Déanfar na athraithe seo a phlé ag cruinnithe tuistí leis na tuistí agus ag deireadh chuile módúl leis na daltaí. Nuair atá pleanáil na bliana ar siúl déanfaidh na múinteoirí a gcuid moltaí a thabhairt.

Ag deireadh an chúrsa seolfar ceistneoir abhaile go tuistí chun a dtuairimí a fháil ar an gcúrsa agus aon moltaí atá acu a bhailiú. Déanfar moltaí a bhailiú ó daltaí freisin i bhfoirm ceistneora ag deireadh chuile modúl. Buailfimid le comhairle na ndaltaí uair sa bhliain chun tuairimi úra a bhailiú uatha. Déanfar athraithe ar an gcúrsa OCG bunaithe ar na moltaí a thagann ó na tuismitheoirí agus na daltaí.

Beidh cruinniú roinne faoi thrí sa bhliain. Ag tús na bliana chun an plean a chur le chéile don bhliain agus cuairteoirí agus dátaí a shocrú do na blocanna. Buailfear roimh na Nollag l'éagrú do na blocanna nuair a filleann muid ar scoil i Mí Eanair. Beidh cruinniú againn théis an cúrsa a mhúineadh chun na moltaí a phlé agus athraithe bunaithe ar thuairimí na dtuistí agus na ndaltaí a aithint. Beidh eolas ó na múinteoirí freisin ag an gcruinniú seo bunaithe ar a gcuid féin-mheastóireacht